

# Public Alert: **Boil Water Notice**

## Uisce Éireann Macroom Public Water Supply

**Effective Date of Boil Water Notice: 01/11/2023**

Due to inadequate disinfection at the plant, the drinking water quality entering the **Macroom Public Water Supply** has been affected.

As a result, and following consultation with the Health Service Executive, Uisce Éireann are issuing a **Boil Water Notice with immediate effect** to protect the health of consumers.

This notice applies to all consumers supplied by the **Macroom Public Water Supply**.

**All consumers affected by this notice must boil their water before drinking.**

A map of the **Macroom Public Water Supply**, detailing the areas affected, is available on [www.water.ie](http://www.water.ie) and is also included in this notice.

### **Areas Affected:**

All customers supplied by the **Macroom Public Water Supply**.

### **1: Water must be boiled (rolling boil for 1 minute and then cooled) for:**

- Drinking
- Preparing Drinks made with water
- Preparation of salads and similar foods, which are not cooked prior to eating
- Brushing of teeth and/or gargling
- Making of ice. However, ensure you first discard all existing ice cubes in fridges and freezers and filtered water in fridges

**IMPORTANT:** Boil water by bringing to a vigorous, rolling boil and allow to cool. Cover and store in a refrigerator or cold place. Water from the hot tap of kitchen or bathroom sinks is not safe to drink.

## 2: You do not have to boil your water for the following:

- Personal hygiene, baths and showers
- Flushing of toilets
- Watering plants and flowers

## 3: Caution:

- Domestic water filters will not render water safe to drink
- Caution should be taken when bathing children to ensure that they do not swallow the bathing water
- Discard ice cubes in fridges and freezers and filtered water in fridges. Make ice from cooled boiled water
- If you have pets and are concerned about the impact of providing mains water while this BWN is in place, you should ask your local vet for advice

## 4: Only use Prepared Water (boiled and cooled) for the following situations.

- When preparing foods that will not be cooked (e.g., washing and preparing salads)
- **Preparing Infant Formula.** Where a Boil Water Notice is in place, you can prepare infant formula from tap water that has been boiled once (rolling boil for 1 minute) and cooled beforehand. Bottled water can also be used to make up infant formula. All bottled water, with the exception of natural mineral water, is regulated to the same standard as drinking water. It is best not to use bottled water labelled as 'Natural Mineral Water' as it can have high levels of sodium (salt) and other minerals, although it rarely does. 'Natural Mineral Water' can be used if no other water is available, for as short a time as possible, as it is important to keep babies hydrated. If bottled water is used to make up infant formula it should be boiled once (rolling boil for 1 minute) and cooled in the normal way. Ready-to-use formula that does not need added water can also be used.

## 5: Always Take Care:

Care should be taken with boiled water to avoid burns and scalds. Accidents can easily happen, especially with children.

## 6: How long before the boil water notice can be lifted?

**We do not know at present**, but Uisce Éireann will continue to liaise and consult with the Health Service Executive with a view to lifting the Boil Water Notice as soon as practicable

## 7: How will we keep you informed?

You will be kept informed through the following media:

Website: [www.water.ie](http://www.water.ie)

Uisce Éireann Customer Contact Centre: 1800 278 278

**Vulnerable customers who have registered their details with UÉ will be directly contacted, but if you require additional assistance, please contact Uisce Éireann to discuss them with us**

## **8: Awareness for commercial premises**

**Uisce Éireann requests that this Boil Water Notice is placed in a prominent position within your commercial premises.**

**Remember to boil water as advised until further notice.**

***BWN Issued by:***

***Brian O'Leary,  
Regional Manager,  
Uisce Éireann***



# Foláireamh don bPobal: **Fógra ‘Uisce a Fhiuchadh’**

## Uisce Éireann Soláthar Uisce Phoiblí Mhaigh Chromtha

Dáta Feidhme an Fhógra ‘Uisce a Fhiuchadh’: 01/11/2023

Mar gheall ar dhíghalrú easnamhach ag an ionad, tá éifeacht ar chaighdeán an uisce óil a théann isteach go **Soláthar Uisce Phoiblí Mhaigh Chromtha**.

Ag eascairt as sin, agus tar éis dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tá Uisce Éireann ag eisiúint **Fhógra ‘Uisce a Fhiuchadh’ atá i bhfeidhm láithreach bonn** ar mhaithe le sláinte tomhaltóirí a chosaint.

Baineann an foláireamh seo le gach tomhaltóir a fhaigheann soláthar ó **Sholáthar Uisce Phoiblí Mhaigh Chromtha**.

Ní foláir do gach tomhaltóir lena mbaineann an fógra seo a chuid uisce a fhiuchadh sula n-ólfar é.

Is féidir teacht ar léarscáil a léiríonn **Soláthar Uisce Phoiblí Mhaigh Chromtha** ar [www.water.ie](http://www.water.ie) agus tá léarscáil faoi iamh leis an bhfógra seo.

### **Na Ceantair atá i gceist:**

Gach uile chustaiméir a fhaigheann soláthar uisce ó **Sholáthar Uisce Phoiblí Mhaigh Chromtha**.

**1: Ní foláir uisce a fhiuchadh (ar fhiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad agus lig dó fuarú ansin) má úsáidtear é:**

- Lena ól
- Do dheochanna a dhéantar le huisce
- Chun sailéid agus bianna comhchosúla a ullmhú, nach ndéantar a chócaráil sula n-itear siad
- Chun fiacla a scuabhadh/nó béal duine a fholcadh
- Chun oighear a dhéanamh ach déan deimhin de go gcaitheann tú amach aon chiúb oighir atá ann cheana i gcuisneoirí agus i reoiteoirí agus uisce scagtha i gcuisneoirí.

**TÁBHACHTACH:** Cuir uisce ar fhiuchadh go dtí go mbeidh gal leanúnach uaidh agus lig dó fuarú ina dhiaidh sin. Clúdaigh agus stóráil i gcuisneoir nó in áit fhuar é. Níl sé sábháilte uisce ón sconná te sa chistin nó óna ndoirtíl sa seomra folctha a ól.

**2: Ní gá duit do chuid uisce a fhiuchadh sna himthosca a leanas:**

- Sláinteachas pearsanta, folcadh nó cithfholcadh a bheith agat
- Leithris a shruthlú
- Uisce a chur ar phlandaí agus ar bhláthanna

**3: Fainic:**

- Ní fhágfaidh scagairí uisce tí go bhfuil an t-uisce sábháilte lena ól
- Ba chóir a bheith cúramach agus tú ag folcadh páistí lena chinntiú nach slogfaidh siad an t-uisce folctha
- Caith amach ciúbanna oighir i gcuisneoirí agus i reoiteoirí agus uisce scagtha i gcuisneoirí. Déan oighear as uisce fiuchta fuaraithe
- Má tá peataí agat agus imní ort faoin éifeacht<sup>1</sup> a d'fhéadfadh a bheith orthu má ólann siad uisce ón bpríomhlíonra le linn don bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh' a bheith i bhfeidhm, ba cheart duit comhairle a lorg ó do thréidlia áitiúil.

**4: Ná húsáidtear ach Uisce Ullmhaithe sna himthosca seo a leanas.**

- Nuair atá bianna á n-ullmhú agat nach ndéanfar iad a chócaráil (m.sh. más sailéid atá á ní agus á n-ullmhú agat);
- **Ag Ullmhú Bainne Foirmle Do Naíonáin** Nuair atá Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' i bhfeidhm, is féidir bainne foirmle do naíonáin a ullmhú le huisce ón sconná a cuireadh ar fhiuchadh é uair amháin (fiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad) agus gur ligeadh dó fuarú roimh ré. Is féidir bainne foirmle do naíonáin a ullmhú le huisce buidéil. Rialaítear uisce i mbuidéil, seachas uisce mianraí nádúrtha ar an gcaighdeán céanna le huisce óil. Is fearr gan uisce i mbuidéil a bhfuil lipéad 'Uisce Mianra Nádúrtha' air a úsáid toisc go bhféadfadh leibhéil arda sóidiam (salann) agus mianraí eile a bheith ann, cé gur annamh a bhíonn sé sin i gceist. Is féidir 'Uisce Mianra Nádúrtha' a úsáid mura bhfuil aon uisce eile ann, don tréimhse is lú ama is féidir; tá sé fíorthábhachtach go mbíonn a ndóthain le hól ag leanaí. Má úsáidtear uisce i mbuidéil chun bainne foirmle a dhéanamh do naíonáin ba chóir é a chur ar fhiuchadh uair amháin (fiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad), agus lig dó fuarú mar is iondúil. Is féidir leas a bhaint as foirmle *réidh-le-húsáid* nár ghá a thuilleadh uisce a chur isteach ann.

## 5: Bí cúramach i gcónaí:

Má bhíonn uisce buidéal á fhiuchadh chun foirmle do naíonáin a ullmhú go láimhseáltar uisce fiuchta go cúramach chun dó agus scalladh a sheachaint. Is furasta do thimpistí tarlú, go mór mhór nuair a bhíonn leanaí thart.

## 6: Cén fhad a thógfaidh sé sula gcuirfear deireadh leis an bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh'?

Níl a fhios againn faoi láthair, ach leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag dul i gcomhairle le Feidhmeancht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn críoch agus deireadh a chur leis an bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh'.

## 7: Conas a choimeádfaimid ar an eolas thú?

Coimeádfar ar an eolas thú trí na meáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin: [www.water.ie](http://www.water.ie)

Ionad Teagmhála Uisce Éireann do Chustaiméirí: 1800 278 278

Rachfar i dteagmháil go díreach le custaiméirí leochaileacha a chláraigh a gcuid sonraí le Uisce Éireann, ach má tá cúnamh sa bhreis uait ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann chun do chuid riachtanas a phlé linn.

## 8: Feasacht ó thaobh áitribh tráchtála de

**Iarrann Uisce Éireann go gcuirfear an Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' in áit fheiceálach laistigh de d'áitreabh tráchtála**

**Cuimhnigh nach foláir an t-uisce a fhiuchadh mar a mholtar go dtí go bhfógrófar a mhalairt**

*Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' Arna Eisiúint Ag:*

**Brian O'Leary**  
**Bainisteoir Réigiúnach**  
**Uisce Éireann**